# Cúrsaí Oideachais Aosaigh CGO Dhún na nGall 2013



*Do chéim chun cinn i dtreo todhchaí níos fearr...*

vec

Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall

County Donegal Vocational Education Committee

*Cuir d'ainm isteach go luath toisc go bhfuil áiteanna teoranta!*



# Fáilte



Go raibh maith agat as ucht do chuid spéise i gcúrsaí oideachais aosaigh de chuid CGO Cho. Dhún na nGall agus míle fáilte roimh ár réamheolaire nua don bhliain 2013. Is ionann an réamheolaire seo agus túsphointe duit maidir lenár gcúrsaí go léir cibé an bhfuil tú ag filleadh ar fhoghlaim don chéad uair i ndiaidh na scoile a fhágáil nó ag beartú ar a thuilleadh staidéar a dhéanamh linn.

Faigheann CGO Cho. Dhún na nGall maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá sé ar an soláthraí oideachais aosaigh is mó sa Chontae. Faoi mar atá léirithe sa réamheolaire seo, tairgtear réimse ollmhór cúrsaí ó chúrsaí foghlama páirtaimseartha dóibh siúd ar mian leo a gcuid scileanna bunriachtanacha a fheabhsú, chucu siúd ar mian leo staidéar go lánaimseartha do chúrsa lenar féidir leanúint ar aghaidh chuig ardoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

Táimid an-bhródúil as ár gcáil le haghaidh sármhaitheasa, cáilíochta agus tacaíochta mac léinn agus as gnóthachtáil ár mac léinn faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn trínár gcúrsaí agus níos faide go deiseanna breise agus deiseanna níos airde. Tá sé thar a bheith tábhachtach dúinne go mbeadh an deis ag gach mac léinn taitneamh a bhaint as a gcuid foghlama agus barr feabhais a bhaint amach ina réimse staidéir roghnaithe. Tá an réamheolaire seo eagraithe chun cabhrú leat teacht ar na cúrsaí is mó ina bhfuil spéis agat iontu agus chun faisnéis ábhartha a sholáthar duit i ndáil le staidéar a dhéanamh linn agus do chinneadh a dhéanamh. Má bhíonn aon cheisteanna agat nó má bhíonn tuilleadh faisnéise ag teastáil uait beidh an ball foirne ainmnithe dod' chúrsa thar a bheith sásta cuidiú leat.

Guím gach rath ort le do chinneadh agus táim ag súil le bualadh leat ag do bhronnadh céime má chinneann tú staidéar a dhéanamh linn.

**Shaun Purcell**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhac*

# Cén fáth ar cheart Staidéar le CGO Cho. Dhún na nGall?

Tá clú ar CGO Cho. Dhún na nGall ar fud na tíre as barr feabhais agus cáilíocht a chuid cúrsaí. Má dhéantar cinneadh staidéar a dhéanamh linn cuirfear tús le haistear féinaithne a chuirfidh feabhas ar do mhuinín agus scileanna agus a ullmhóidh tú le haghaidh breis staidéir nó fostaíochta. Tá ár gcúrsaí go léir creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) agus tá stádas soláthraí FETAC ainmnithe againn a chiallaíonn go bhfuilimid in ann ár gcúrsaí féin a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de agus mar sin a chinntiú go mbíonn taithí foghlama den scoth agat.

Tá CGO Cho. Dhún na nGall ina bhunchloch den ghairmoideachas sa Chontae ó 1905 agus tá fairsingiú tapa na ndeiseanna oideachais aosaigh tiomáinte aige i ndiaidh foilseachán an Pháipéir Bháin ar Oideachas Aosach in 2000. Mar thoradh ar an tiomantas seo, tá líonra cuimsitheach clár agus ionad curtha ar bun ag CGO Cho. Dhún na nGall ar fud an Chontae agus mar sin tá oideachas aosach inrochtana do chách. Is amhlaidh go roghnaíonn 12,000 duine fásta ar an meán staidéar linn gach bliain.

Tá an réamheolaire seo eagraithe de réir réimsí spéise chun cur ar do chumas teacht ar na cúrsaí atá oiriúnach duitse go héasca. Tá cúrsaí dathchódaithe ag brath ar na cláir faoina riartar iad.





***Crona Gallagher agus Martin Gormley***
*Oifigigh um Oideachas Aosach*

# CLÁIR OIDEACHAIS AOSAIGH

## Foghlaim chun Maireachtála

Tairgeann an clár Foghlaim chun Maireachtála [Learning for Living] teagasc do dhaoine fásta atá neamhchinnte faoina gcuid scileanna agus eolais i ndáil le léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú, matamaitic, uimhreacha agus ríomhairí. Tairgeann an clár próiseas foghlama atá curtha in oiriúint do riachtanais gach mac léinn i dtimpeallacht tacaíochta agus chairdiúil. Tugtar neart ama chun scileanna a ghnóthú agus tá teagascóirí feasach go ndéantar dul chun cinn go minic i gcéimeanna beaga. Tairgeann an clár réimse roghanna foghlama teaghlaigh freisin i gcomhpháirtíocht le scoileanna agus soláthraítear oiliúint Bhéarla do chainteoirí teangacha eile. Is féidir le mic léinn rogha a dhéanamh a gcuid staidéir a chreidiúnú le Mór-Dhámhachtainí agus Mion-Dámhachtainí FETAC ó Leibhéal 1 go Leibhéal 4 agus scrúduithe de chuid Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Tá cúrsaí saor in aisce do gach duine fásta.

## Clár Ógtheagmhála

Is é Ógtheagmháil clár oifigiúil oideachais, oiliúna agus taithí oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna dóibh siúd atá tar éis an scoil a fhágáil go luath. Tá sí mar aidhm ag an gclár na príomh-scileanna atá ag teastáil le haghaidh foghlama breise a fhorbairt agus daoine óga a ullmhú chun dul ar aghaidh chuig oideachas/oiliúint bhreise nó fostaíocht. Tá Ógtheagmháil ar fáil do dhaoine óga idir aois 15-21 a d'fhág an scoil go luath agus gur beag cáilíochtaí atá acu nó atá gan cháilíocht ar bith. Tairgeann Ógtheagmháil cúrsaí neamhdheimhnithe agus deimhnithe araon ag FETAC Leibhéal 2, 3 agus 4, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Leitir Ceanainn amháin), CETR agus an Pas Sábháilte i measc cúrsaí eile i raon réimsí ábhair a éagsúlaíonn ó ionad go hionad.

## An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)

Tairgeann BTEI roghanna oideachais dóibh siúd atá 18 nó os cionn agus a bhfuil suim acu i staidéar páirtaimseartha. Tá na cúrsaí saor in aisce d'aon duine fásta le níos lú ná oideachas sinsearach dara leibhéal (Ardteistiméireacht) acu agus dóibh siúd atá ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh nó cárta leighis agus a gcleithiúnaithe. Beidh táillí le híoc ag iarratasóirí eile. Tairgeann BTEI Mór-Dhámhachtainí agus Mion-Dámhachtainí FETAC ag Leibhéal 3 go 5 ag leanúint ar feadh 6 mhí go 2 bhliain ag brath ar an gcúrsa. Tairgtear na cúrsaí ar fud na nIonad Oiliúna agus Oideachais Aosaigh agus i gcomhar leis an gClár Oideachais Pobail sa phobal.

## Oideachas Pobail

Tacaíonn an Clár Oideachais Pobail le seachadadh na gcúrsaí oideachais aosaigh sa phobal trí mhaoiniú a sholáthar le haghaidh costas teagaisc agus tacaíocht a sholáthar i ndáil le bunú na gcúrsaí. De réir a nádúr féin, bíonn soláthar oideachais pobail tiomáinte ag riachtanais an phobail agus eagraithe go háitiúil. Cinntíonn an cur chuige 'ó bhun aníos' seo go mbíonn oideachas aosach i dtimpeallacht phobail de shíor ag freastal ar riachtanais oideachais an phobail áitiúil. Maoiníonn an Clár Oideachais Pobail réimse leathan cúrsaí ó chúrsaí gearra agus ranganna oíche go Mór-Dhámhachtainí FETAC. Díríonn na cúrsaí oideachais pobail atá leagtha amach sa bhróisiúr seo ar na cúrsaí creidiúnaithe níos faide; is féidir sonraí ar na cúrsaí uile i do cheantar atá maoinithe tríd an gClár Oideachais Pobail a fháil trí do ghrúpa pobail áitiúil nó trí dhul i dteagmháil le Maeve McGarvey, Teil: 07497 25520.

## Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (SDGO)

Clár oiliúna sainiúil í SDGO dóibh siúd d'aois 21 nó os cionn agus atá ag fáil Liúntais Chuardaitheora Poist le 6 mhí nó níos faide. Clár lánaimseartha í SDGO ag tairiscint cúrsaí Mór-Dhámhachtana ag FETAC Leibhéal 4 agus 5 thar tréimhse dhá bhliain trí na hIonaid Oiliúna agus Oideachais Aosaigh. Tá cúrsaí SDGO dírithe ar fhorbairt na scileanna agus na n-inniúlachtaí a bhíonn á lorg ag fostóirí agus tá sciar mhaith den chúrsa tugtha do thaithí oibre.

## Clár Iar-Ardteistiméireachta (IAT)

Is dianchúrsaí bhliana, lánaimseartha, iad cúrsaí an Chláir IAT a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh fostaíochta ag leibhéal iontrála nó chun dul chun cinn a dhéanamh go staidéar breise. Is féidir le mic léinn rathúla iarratas a dhéanamh ar chláir tríú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais. Tá na cúrsaí deartha mar dhul chun cinn idéalach ón Ardteistiméireacht dóibh siúd a bhfuil bliain bhreise ag teastáil uatha chun staidéar a dhéanamh ar shainréimse gairme agus do dhaoine fásta ag filleadh ar an oideachas. Tairgtear cúrsaí i mórán de na scoileanna dara leibhéal atá faoi bhainistíocht CGO Cho. Dhún na nGall.

## Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin

Is é Gartán an 'Seoid sa Choróin' de chuid soláthar oideachais allamuigh CGO Cho. Dhún na nGall. Lonnaithe in 87 acra de radharcra cois locha iontach ar bhruach Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, tairgeann Gartán cúrsaí i spórt allamuigh, oiliúint eachtraíochta, oideachas comhshaoil agus inbhuanaitheacht do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Téann cúrsaí sa réimse ó réamhrá aon lae maidir le hoiliúint atá creidiúnaithe go gairmiúil agus is féidir cláir a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais sainiúla de chuid duine aonair nó grúpa.

*Tabhair faoi deara le do thoil go n-éileoidh na cúrsaí uile atá á dtairiscint ag CGO Cho. Dhún na nGall a chuimsíonn taithí oibre le leanaí nó daoine leochaileacha go mbeadh mic léinn faoi réir ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí.*



# AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ

Táthar tar éis an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a dhearadh chun cur ar chumas foghlaimeoirí cáilíochtaí a chur i gcomparáid lena chéile agus a aicmiú thar deich leibhéal, sa réimse ó chéimeanna tosaigh na foghlama chuig na céimeanna is mó chun cinn. Tá gach leibhéal bunaithe ar chaighdeáin a chomhaontaítear go náisiúnta i ndáil le cad ba chóir a bheith ar eolas ag duine, cad ba chóir dóibh a thuiscint agus a bheith in ann a dhéanamh tar éis dóibh clár foghlama a chomhlíonadh go rathúil.

Is ionann foras cáiliúcháin agus comhlacht náisiúnta a bhfuil an t-údarás aige cáilíocht a dhámhachtain ort chun do chuid foghlama a aithint. Tá roinnt foras cáiliúcháin a bhfuil a ndámhachtainí áirithe san NFQ cosúil le FETAC agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a chreidiúnaíonn an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Tá forais ghairmiúla agus forais náisiúnta sa Ríocht Aontaithe san áireamh san NFQ freisin.

Tá ceann amháin ar a laghad de na cineálacha dámhachtainí seo a leanas ag gach leibhéal den NFQ:

**Mór-Dhámhachtain** – an príomhaicme dámhachtana a bhronntar ag gach leibhéal lena mbaineann leibhéal foghlama suntasach m.sh. an Teastas Sóisearach/Ardteistiméaracht, Teastas agus Céim FETAC

**Mion-Dámhachtain** – ag tabhairt aitheantais d'fhoghlaimeoirí a bhaineann réimse torthaí foghlama amach ach ní na saintorthaí foghlama atá ag teastáil le haghaidh Mór-Dhámhachtana. Ceadaíonn na dámhachtainí seo d'fhoghlaimeoirí forbairt a dhéanamh ar aonaid foghlama ar a luas féin. Tugtar Teastais Chomhpháirte ar na haonaid foghlama seo.

**Dámhachtain Sainchuspóireach** – ag tabhairt aitheantais do shainchuspóir m.sh. deimhniúchán Pas Shábháilte do shláinte agus sábháilteacht sa tionscal tógála.


**Dámhachtain Forlíontach** – le haghaidh foghlama atá sa bhreis ar dhámhachtain roimhe sin agus a úsáidtear chun sainscileanna a nuashonrú agus d'fhorbairt ghairmiúil.

le haghaidh foghlama atá sa bhreis ar dhámhachtain roimhe sin agus a úsáidtear chun sainscileanna a nuashonrú agus d'fhorbairt ghairmiúil.

# FETAC AGUS HETAC

Is ionann Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) agus an foras cáiliúcháin náisiúnta le haghaidh breisoideachais agus oiliúna. Áirítear dámhachtainí FETAC san NFQ ag Leibhéil 1 go 6.

Is ionann Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus an foras cáiliúcháin náisiúnta le haghaidh ardoideachais agus oiliúna agus áirítear dámhachtainí HETAC ag Leibhéil 6 go 10 san NFQ. Tá údarás tarmligthe ag Institiúidí Teicneolaíochtaí ó HETAC áfach, chun a gcuid dámhachtainí féin a dhéanamh ag Leibhéal 6 go 10 freisin. In 2013, táthar tar éis FETAC, HETAC agus an NQAI a mhalgamú chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).




## KEY

- FETAC - Further Education and Training Awards Council
- SEC - State Examinations Commission *(Department of Education & Science)*
- HETAC - Higher Education and Training Awards Council
- DIT - Dublin Institute of Technology
- Universities

## AWARDS IN THE FRAMEWORK

There are four types of award in the National Framework of Qualifications:

- **Major Awards:** are the principal class of awards made at a level
- **Minor Awards:** are for partial completion of the outcomes for a Major Award
- **Supplemental Awards:** are for learning that is additional to a Major Award
- **Special Purpose Awards:** are for relatively narrow or purpose-specific achievement

## Dámhachtainí á dtairiscint ag CGO Cho. Dhún na nGall

Is é FETAC an príomhfhoras cáiliúcháin le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe ag CGO Cho. Dhún na nGall. Mar an soláthraí reachtúil um oideachas aosach i nDún na nGall, tairgimid Mór-Dhámhachtainí agus Mion-Dámhachtainí FETAC ag Leibhéil 1 go 6 ar an NFQ. Tairgtear cáilíochtaí ó fhorais cháiliúcháin eile ó am go chéile ag brath ar an gcúrsa.

I liosta na gcúrsaí á dtairiscint ag CGO Cho. Dhún na nGall feicfear go luaitear Mion-Dámhachtainí agus Mór-Dhámhachtainí sa chur síos ar an gcúrsa.

- Is féidir le Mion-Dámhachtain 1 go 7 dTeastas Comhpháirte a áireamh ag an leibhéal sin.

- Ní mór do Mhór-Dhámhachtain 8 dTeastas Comhpháirte a áireamh ag an leibhéal sin. I roinnt cásanna is féidir dhá Theastas Comhpháirte ag leibhéal amháin faoi bhun leibhéal na Mór-Dhámhachtana a úsáid chun críocha creidiúnaithe m.sh. is féidir dhá Theastas Comhpháirte Leibhéal 4 a chomhcheangal chun Teastas Comhpháirte Leibhéal 5 amháin a thabhairt d'fhonn an Mhór-Dhámhachtain a chomhlíonadh. .

## Ag déanamh cinnidh ar an gcúrsa is oiriúnaí duitse

Seirbhís Dhún na nGall um Threoir don Fhoghlaimeoir Aosach – Tairgeann an tSeirbhís Treorach faisnéis, comhairle, treoir agus comhairleoireacht neamhchlaonta agus rúnda ar na roghanna oideachais atá ar fáil duit laistigh de CGO Cho. Dhún na nGall agus le soláthraithe oideachais eile araon. Is í aidhm na seirbhíse ná tacú leat na cinntí cearta a dhéanamh i ndáil le filleadh ar an oideachas agus oiliúint agus cabhrú leat na cinntí sin a dhéanamh laistigh de chomhthéacs do shaoil níos leithne. Má táthar neamhchinnte faoin gcúrsa ar chóir a dhéanamh nó má tá cabhair ag teastáil chun teacht ar an leibhéal is feiliúnaí duitse glaoigh orainn le do thoil ar 074 9178088.

**Uirlisí Treorach Ar Líne** – Dóibh siúd ar fearr leo a gcuid taighde féin a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil dóibh, d'fhéadfadh na láithreáin ghréasáin seo a leanas a bheith úsáideach:

**www.qualifax.ie** – bunachar sonraí de chúrsaí breisoideachais agus ardoideachais arna sholáthar ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**www.careersportal.ie** – bunachar sonraí gairmeacha agus cúrsaí ar líne le próifíleoir spéise úsáideach chun cabhrú leat d'ábhair spéise a chomhoiriúnú leis na réimsí cúrsaí agus le bunachar sonraí faisnéise gairme.

## *Riachtanais iontrála*

Níl aon riachtanais cháilíochtaí foirmiúla le haghaidh cúrsaí oideachais aosaigh CGO Cho. Dhún na nGall. Cuirfear agallamh ar iarratasóirí agus iarrfar orthu léargas a thabhairt ar a gcuid tuisceana ar an gcúrsa, an spreagadh a bhí acu iarratas a dhéanamh ar an gcúrsa agus a gcumas déileáil le riachtanais an chúrsa. Tá CGO Cho. Dhún na nGall eolas ar an tábhacht a bhaineann leis an gcúrsa ceart agus an leibhéal ceart á roghnú ag daone fásta. Más rud é tráth an agallaimh go mothaímid nach bhfuil an cúrsa ábhartha oiriúnach duit rachaimid i mbun cainte le Seirbhís Dhún na Gall um Threoir don Fhoghlaimeoir Aosach a chabhróidh leat breathnú ar do chuid roghanna. Tá critéir iontrála sainiúla ag na cláir seo a leanas:

### Ógtheagmháil

Tá Ógtheagmháil ar fáil do dhaoine óga idir aois 15-21 a d'fhág an scoil go luath agus gur beag cáilíochtaí in aon chor atá acu.

### SDGO

D'fhonn cáiliú le haghaidh SDGO ní mór d'iarratasóirí a bheith 21 bliain d'aois ar a laghad ag tús an chúrsa agus ag fáil sochair leasa shóisialaigh incháilithe nó ag síniú do chreidmheasanna ar feadh 156 lá ar a laghad.

### BTEI

Tá cúrsaí saor in aisce d'aon duine fásta a bhfuil níos lú ná oideachas dara leibhéal uachtarach acu agus dóibh siúd atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe nó cárta leighis agus a gcleithiúnaigh. Beidh táillí le híoc ag iarratasóirí eile.

### IAT

Dianchláir Leibhéal 5 aon bhliain ar fhad iad cúrsaí IAT, á seachadadh in iliomad scoileanna dara leibhéal ar fud na tíre. Tá táille chúrsa de chuid €300 i gceist, ach laghdaítear an táille go €100 dóibh siúd le cárta leighis acu..

## *Conas iarratas a dhéanamh ar chúrsa*

Tá sé éasca iarratas a dhéanamh ar chúrsa le CGO Cho. Dhún na nGall - ní gá ach dul i teagmháil leis an teagmhálaí ábhartha a shonraítear san fhaisnéis faoin gcúrsa úd agus cuirfidh siad foirm iarratais chugat agus freagrófar aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat. Má bhíonn aon deacracht agat dul i mbun teagmhála leis an duine ábhartha téigh i dteagmháil le do thoil le Seirbhís Dhún na nGall um Threoir don Fhoghlaimeoir Aosach, Teil: 07491 78088 nó Baile Dhún na nGall, Teil: 07497 25520.

Féadfaidh tú tosú anseo →

**NEAMHCHREIDIÚNAITHE**
Fill ar an bhFoghlaim
Foghlaim Teaghlaigh
Oideachas Pobail

Féadfaidh tú tosú anseo →

**NFQ LEIBHÉAL 1**
Príomh-Scileanna

Féadfaidh tú tosú anseo →

**NFQ LEIBHÉAL 2**
Scileanna Riachtanacha
Cumarsáid don Láthair Oibre

Féadfaidh tú tosú anseo →

**NFQ LEIBHÉAL 3**
Ábhair Aonair an Teastais Shóisearaigh
Teastas Ginearálta san Oideachas agus Scileanna
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
Cultúr, Feasacht Oidhreachta agus Turasóireacht

→ Dul chun cinn chuig oideachas agus oiliúint eile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann

Féadfaidh tú tosú anseo →

**NFQ LEIBHÉAL 4**
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
Ábhair Aonair na hArdteistiméireachta
Ardteistiméireacht
Scileanna Oifige
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide Gairneoireacht

→ Dul chun cinn chuig oideachas agus oiliúint eile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, rochtain tríú leibhéal agus fostaíocht

Féadfaidh tú tosú anseo →

**NFQ LEIBHÉAL 5**

| | |
|---|---|
| Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh | Cúram Pobail |
| Dearadh Grafach | Staidéar Altranais |
| Próiseáil Faisnéise | Tacaíocht Chúram Sláinte |
| Staidéar Gnó | Obair don Aos Óg |
| Riarachán Oifige | Gairneoireacht |
| rGhnó | Cúram Ainmhí |
| Cúram agus Oideachas Luathóige | Spórt agus Áineas |

**NFQ LEIBHÉAL 6**
Cúram agus Oideachas Luathóige

**DUL CHUN CINN**

- Rochtain 3ú Leibhéal
- Gairmoiliúint
- Fostaíocht
- Breisoideachas/ Ardoideachas i dTuaisceart Éireann
- Institiúidí Teicneolaíochta Ard-Teastas agus Céim
- Céim Ollscoile



# PRÍOMH-SCILEANNA AGUS FOGHLAIM GHINEARÁLTA

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### Clár Ógtheagmhála

Cur Síos:
Clár oideachais, oiliúna agus taithí oibrí dhá bhliain do dhaoine óga d'aois 15 – 21 a d'fhág an scoil go luath. Cúrsa ag tosú ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Ábhar:
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Leitir Ceanainn amháin) agus Cúrsaí FETAC ag Leibhéal 2, 3 agus 4 san Ealaín, Lónadóireacht, Cúram Sláinte, Cumarsáid, Ríomhairí, Gruagaireacht, Miotalóireacht agus Adhmadóireacht agus go leor eile nach iad.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Cúrsaí FETAC ag Leibhéal 3, 4 nó 5, an Ardteistiméireacht, deiseanna breisoideachais i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
Béal Átha Seanaidh, Bun Cranncha/Gleann Gad, Gort a' Choirce, Leitir Ceanainn agus Leifear.
Teil: 074 9178088.

### Ardteistiméireacht um Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Cur Síos:
Clár Ardteistiméireachta sé hábhar, dhá bhliain ar fhad, deartha go speisialta do dhaoine fásta d'aois 18 mbliana agus os cionn. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Béarla, Matamaitic, Tíreolaíocht, Stair, Bitheolaíocht, Staidéar Gnó

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Cúrsaí FETAC ag Leibhéal 5 agus 6, Cúrsaí Rochtana agus Tríú Leibhéal

Láthair:
AETC Leitir Ceanainn, Teil: 074 9161581.

# Cúrsaí Páirtaimseartha

## Clár Foghlama Teaghlaigh

Cur Síos:
Réimse leathan deiseanna chun cuidiú le tuismitheoirí tacú le hoideachas a bpáistí ag:
• Leibhéal Réamhscolaíochta – tacaigh led' pháiste le Béarla, Mata agus léitheoireacht
• Leibhéal Bunscoile – tacaigh led' pháiste le léitheoireacht, Mata, ríomhairí agus an tIdirlíon
• Leibhéal Meánscoile – Mata, Gaeilge, Béarla, Ríomhairí, Sábháilteacht Idirlín agus Líonrú Sóisialta, agus
• Scileanna Staidéir/Obair Bhaile
• Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## Gearrchúrsaí um Fhill ar an bhFoghlaim

Cur Síos:
Cúrsaí sainiúla i leith Teoiric Tástála Tiomána, Do Chuid Litriúcháin, Fill ar an nGramadach agus Fill ar Uimhreacha. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## FETAC Leibhéal 1 (Mór-Dhámhachtain) Príomh-Scileanna

Cur Síos:
Cúrsa páirtaimseartha do dhaoine fásta a d'fhág an scoil go luath agus go bhfuil orthu tosú ag an tús le léitheoireacht, scríbhneoireacht agus mata. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Na Chéad Chéimeanna Eile: Leibhéal 2 i Scileanna Riachtanacha.

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## FETAC Leibhéal 2 (Mór-Dhámhachtain) Scileanna Riachtanacha

Cur Síos:
A part-time course for adults who left school early and who want to revisit their reading, writing, spelling, maths and learn the basics of using a computer. Courses start at various times throughout the year.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
FETAC Leibhéal 3 Teastas Ginearálta san Oideachas agus Scileanna

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## FETAC Leibhéal 2 (Mór-Dhámhachtain) Cumarsáid don Láthair Oibre

Cur Síos:
Cúrsa páirtaimseartha do dhaoine fásta, a d'fhág an scoil go luath agus ar mian leo filleadh ar a gcuid léitheoireachta, scríbhneoireachta, litriúcháin, mata agus na gnéithe bunúsacha a fhoghlaim i ndáil le ríomhaire a úsáid mar ullmhú chun dul i mbun oibre. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
FETAC Leibhéal 3 Teastas Ginearálta san Oideachas agus Scileanna

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## FETAC Leibhéal 3 (Mór-Dhámhachtain) Teastas Ginearálta san Oideachas agus Scileanna

Cur Síos:
Cúrsa páirtaimseartha do dhaoine fásta ar mian leo bunscileanna scríbhneoireachta agus cumarsáide béil, cumas sa mhata agus scileanna ríomhaireachta a fhorbairt agus a leathnú. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Cúrsaí FETAC Leibhéal 4 agus deiseanna breisoideachais i dTuaisceart Éireann

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## Teastas Sóisearach um Choimisiún na Scrúduithe Stáit – Ábhar Aonair

Cur Síos:
Teastas Sóisearach ábhair aonair do dhaoine fásta a d'fhág an scoil go luath. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Ábhar:
Béarla, Mata, Stair nó Gaeilge

Na Chéad Chéimeanna Eile:
FETAC Leibhéal 3 agus 4 nó an Ardteistiméireacht nó deiseanna breisoideachais i dTuaisceart Éireann.

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

## Ardteistiméireacht um Choimisiún na Scrúduithe Stáit – Ábhar Aonair

Cur Síos:
Ardteistiméireacht ábhair aonair do dhaoine fásta a d'fhág an scoil go luath. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Ábhar: Béarla nó Mata

Na Chéad Chéimeanna Eile: FETAC Leibhéal 4 agus 5 nó an Ardteistiméireacht iomlán nó deiseanna breisoideachais i dTuaisceart Éireann

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

# EALAÍN, CEARDAÍOCHT AGUS DEARADH

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas san Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha dóibh siúd ar spéis leo a gcuid scileanna ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh a fhorbairt agus punann a ullmhú mar iarratas ar chúrsaí coláiste tríú leibhéal. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Péinteáil, Líníocht, Dearadh, Dealbhóireacht, Ábhair Chomhcheangailte/Adhmadóireacht, Taithí Oibre agus Cumarsáid.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais in Éirinn nó staidéar breise i dTuaisceart Éireann

Láthair:
Coláiste Earagail, Leitir Ceanainn. Teil: 074 9121047.

## *Cúrsaí Páirtaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) i nDearadh Grafach

Cur Síos:
Cúrsa BTEI dhá bhliain ar fhad dóibh siúd ar spéis leo dlúth-bhonn a fhorbairt i nDearadh Grafach agus punann a fhorbairt le haghaidh iarratais ar chúrsaí tríú leibhéal ag baint úsáide as teicneolaíocht Apple iMac. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Scileanna Dearaidh, Líníocht, Scileanna um Dhearadh Grafach, Taithí Oibre, Foilsitheoireacht Deisce, Ceapadóireacht Gréasáin, Fótagrafaíocht Dhigiteach

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais in Éirinn, staidéar breise i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
AETC Shrath an Urláir, Teil: 074 9190610.



# GNÓ AGUS RIARACHÁN

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 4 (Mór-Dhámhachtain) Teastas i Scileanna Oifige

Cur Síos:
Cúrsa SDGO bliain amháin nó dhá bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar an muinín agus na scileanna atá de dhíth chun machnamh a dhéanamh ar obair oifige agus/nó staidéar breise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Cumarsáid, Mata, Bunachair Sonraí, Scarbhileoga, Béarla Gnó, Scileanna Fáiltithe, Seirbhís Chustaiméara, Leabharchoimeád agus Cuntais, Ríomhanna Gnó, Iontráil Sonraí, Taithí Oibre agus Cáilíochtaí OCR.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Cúrsaí FETAC Leibhéal 5, staidéar breise i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
AETC Bhaile Dhún na nGall (Bliain Amháin).
Teil: 074 9740183. AETC Leitir Ceanainn (Dhá Bhliain).
Teil: 074 9161581.

### *FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas i bPróiseáil Faisnéise*

Cur Síos:
Cúrsa SDGO bliain amháin nó dhá bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar an muinín agus na scileanna atá de dhíth le haghaidh fostaíochta i dtimpeallacht oifige áit ina éilítear leibhéal gairmiúil de phróiseáil faisnéise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Cumarsáid, Ríomhanna Gnó, Scarbhileoga, Ceapadóireacht Gréasáin, Párolla, Leabharchoimeád, Bunachair Sonraí, Foilsitheoireacht Deisce, Próiseáil Focal, TFC agus Cáilíochtaí OCR.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais i bPoblacht na hÉireann, staidéar breise i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
AETC Bhaile Dhún na nGall (Bliain Amháin),
Teil: 074 9740183.
AETC Bhun Cranncha (Dhá Bhliain), Teil: 074 9362466.
AETC Leitir Ceanainn (Dhá Bhliain), Teil: 074 9161581.

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Staidéar Gnó

Cur Síos:
Cúrsa SDGO lánaimseartha dhá bhliain ar fhad, atá deartha chun forbairt a dhéanamh ar an muinín agus na príomh-scileanna chun forbairt a dhéanamh ar na sainscileanna atá de dhíth chun machnamh ar fhostaíocht san earnáil ghnó agus riaracháin agus/nó staidéar breise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Íosmhéid ocht dteastas comhpháirte ón liosta seo a leanas ag brath ar shonraíocht an ionaid: Próiseáil Focal, Modhanna Bunachair Sonraí, Modhanna Scarbhileoige, Párolla, CETR, Leabharchoimeád, Mata, OCR, Scileanna Riaracháin Ghnó, Éifeachtúlacht Phearsanta sa Láthair Oibre, Cuntasaíocht, Cumarsáid, Taithí Oibre, Cleachtas Margaíochta, Táirgeadh Téacs, Dlí Gnó, Feidhmchláir Ríomhaireachta, Foilsitheoireacht Deisce, Ceapadóireacht Gréasáin, Feasacht Turasóireacht

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais i bPoblacht na hÉireann, staidéar breise i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
Coláiste Earagail, Leitir Ceanainn (Bliain Amháin),
Teil: 074 9121047; Gairmscoil na Mainistreach,
Baile Dhún na nGall (Bliain Amháin), Teil: 074 9721105;
AETC Bhéal Átha Seanaidh (Dhá Bhliain),
Teil: 074 9851276; AETC Ghort a' Choirce
(Dhá Bhliain), Teil: 074 9135218.



# GNÓ AGUS RIARACHÁN

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas i Riarachán Oifige

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar shainscileanna atá de dhíth chun machnamh ar fhostaíocht san earnáil ghnó, oifige agus riaracháin. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Riarachán Faisnéise Gnó, Táirgeadh Téacs, Próiseáil Focal, Taithí Oibre, Cumarsáid, Spáinnis, Tras-scríobh ó Fhuaim, Modhanna Scarbhileoige

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais i bPoblacht na hÉireann, staidéar breise i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir,
Teil: 074 9131684.

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas san rGhnó

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar shainscileanna atá de dhíth chun machnamh ar fhostaíocht san earnáil rGhnó, oifige agus riaracháin. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
An tIdirlíon, Staidéar rGhnó, Ceapadóireacht Gréasáin, Próiseáil Focal, Éifeachtúlacht Phearsanta sa Láthair Oibre, Taithí Oibre, Lámhleabhar Leabharchoimeádta agus Cumarsáid Ríomhairithe.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais i bPoblacht na hÉireann, staidéar breise i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga,
Teil: 074 9731491.

## *Cúrsaí Páirtaimseartha*

### FETAC Leibhéal 4 (Mion-Dámhachtain nó Mór-Dhámhachtain) Scileanna Oifige

Cur Síos:
Cúrsa BTEI dhá bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar shainscileanna atá de dhíth ó fhostóirí oifig bhunaithe. Forbróidh an cúrsa seo muinín, príomh-scileanna agus ullmhófar thú le haghaidh staidéir bhreise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Cumarsáid, Mata, Bunachair Sonraí, Scarbhileoga, Scileanna Oifige Ginearálta, Béarla Gnó, Seirbhís Chustaiméara, Scileanna Fáiltithe, Leabharchoimeád agus Cuntais, Iontráil Sonraí, Ríomhanna Gnó, Taithí Oibre.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Feabhsóidh an cúrsa seo na scileanna chun dul i mbun oibre i dtimpeallacht oifige agus riaracháin. Beidh mic léinn in ann iarratas a dhéanamh freisin ar chláir teastais chomhpháirte bhreise nó ar chláir teastais iomlána ag Leibhéal 5.

Láthair:
Béal Átha Seanaidh, Teil: 071 9851276,
Baile na nGallóglach, Teil: 074 9153194
Srath an Urláir, Teil: 074 9190610,
Machaire Rabhartaigh, Teil: 074 9725520,
Baile Dhún na nGall, Teil: 074 9725520.



# RÍOMHAIREACHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

## *Cúrsaí Páirtaimseartha*

### FETAC Leibhéal 3 (Mion-Dámhachtain) Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Cur Síos:
Cúrsa BTEI aon bhliain ar fhad ag soláthar scileanna ríthábhachtacha atá de dhíth chun ullmhú le dul chun cinn go cúrsaí Leibhéal 4 i ríomhaireacht agus gnó. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Litearthacht Ríomhairí, Próiseáil Focal, Scileanna Idirlín, Cumarsáid, Mata

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Dul chun cinn i dtreo foghlaim neamhspleách agus cúrsaí breise ar nós comhpháirt bhreise de theastais iomlána FETAC Leibhéal 3 nó dul chun cinn go cúrsa FETAC Leibhéal 4 nó Béarla agus Mata an Teastais Shóisearaigh.

Láthair:
Béal Átha Seanaidh, Teil: 071 9851276;
Baile Dhún na nGall, Teil: 074 9725520.

### FETAC Leibhéal 3 (Mór-Dhámhachtain) Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Cur Síos:
Cúrsa Foghlaim chun Maireachtála ag soláthar an deis chun forbairt agus leathnú a dhéanamh ar bhunscileanna scríbhneoireachta agus cumarsáide béile, cumas matamaitice agus scileanna ríomhaire go leibhéal a sholáthraíonn dlúth-bhonn le haghaidh staidéir bhreise. Cúrsa ag tosú ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Ábhar:
Béarla agus Cumarsáid, Réamhrá ar Ríomhairí, Mata, Próiseáil Focal, Scileanna Idirlín.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Tairgeann an cúrsa seo deis idéalach filleadh ar fhoghlaim ar bhealach soláimhsithe agus ullmhaíonn sé le haghaidh staidéir bhreise ag FETAC Leibhéal 4 agus 5 de réir mar is cuí

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.



## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 4 (Mion-Dámhachtain nó Mór-Dhámhachtain) i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Cur Síos:
Cúrsa Foghlaim chun Maireachtála, ag soláthar an deis scileanna um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a fhorbairt go leibhéal a sholáthraíonn dlúth-bhonn le haghaidh staidéir bhreise agus fostaíochta. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Cumarsáid, Mata, Foilsitheoireacht Deisce, Dearadh Gréasáin, Scileanna TF, Taithí Oibre, Teicneolaíocht na Meán Digiteach, Feidhmchláir Ríomhairí

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Dul chun cinn go cúrsaí ábhartha FETAC Leibhéal 5, cúrsaí rochtana tríú leibhéal agus clár ábhartha i dTuaisceart Éireann nó fostaíocht.

Láthair:
AETC Shrath an Urláir, Teil: 074 9190610.
Baile Dhún na nGall, Teil: 074 9725520.



# CÚRAM SLÁINTE, SÓISIALTA AGUS CÚRAM LEANAÍ

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Chúram agus san Oideachas Luathóige

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad nó cúrsa SDGO dhá bhliain ar fhad, deartha chun cur le do chuid muiníne agus na sainscileanna a fhorbairt atá de dhíth chun machnamh ar fhostaíocht san earnáil Chúram leanaí agus/nó staidéar breise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Íosmhéid ocht dteastas comhpháirte ón liosta seo a l eanas ag brath ar shonraíocht an ionaid: Forbairt an Linbh, Sláinte agus Folláine an Linbh, Cumarsáid, Taithí Oibre, Cleachtas Oideachais agus Cúraim Luathóige, Oideachas agus Súgradh Luathóige, Leanaí le Riachtanais Bhreise, Comhionannas agus Éagsúlacht i gCúram Leanaí, Ealaíona Cruthaitheacha na Luathóige.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram leanaí. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht freisin le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais. .

Láthair:
Coláiste Earagail, Leitir Ceanainn (Bliain Amháin), Teil: 074 9121047; Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga (Bliain Amháin), Teil: 074 9731491; AETC Bhun Cranncha (Dhá Bhliain), Teil: 074 9362466; AETC Leitir Ceanainn (Dhá Bhliain), Teil: 074 9161581.

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas i gCúram Pobail/Staidéar Altranais/Seirbhísí Pobail agus Sláinte

Cur Síos:
Cúrsa SDGO dhá bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar na sainscileanna atá de dhíth chun machnamh ar fhostaíocht san earnáil sláinte agus/nó staidéar breise. Ag brath ar do chuid spriocanna gairme reatha, féadfaidh tú do dhámhachtain deiridh a roghnú i gCúram Pobail, Seirbhísí Pobail agus Sláinte nó Staidéar Altranais. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Staidéir Shóisialta, Réamhrá Altranais, Cleachtas agus Soláthar Cúraim, Anatamaíocht agus Fiseolaíocht, Garchabhair Ghairme, Sláinte & Sábháilteacht san Obair, Tacaíocht Chúraim, Cumarsáid, Fás Daonna, Taithí Oibre

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram pobail. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht freisin le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais agus ar Altranas trí chlár iontrála na mac léinn aibí. .

Láthair:
AETC Bhaile na nGallóglach, Teil: 074 9153194.

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Staidéar Altranais

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha dóibh siúd atá ag breathnú ar ghairm san earnáil chúraim agus a sholáthraíonn bunchloch na feasachta agus na n-in-niúlachtaí fad a bhfeabhsaítear cumais ag an am céanna.

Ábhar:
Réamhrá Altranais, Anatamaíocht agus Fiseolaíocht, Fás agus Forbairt Daonna, Sábháilteacht agus Sláinte san Obair, Aclaíocht Sláinte, Tuiscint ar Riachtanais Speisialta, Éifeachtúlacht Phearsanta sa Láthair Oibre, Bitheolaíocht, Garchabhair Ghairme, Mata, Taithí Oibre, Cumarsáid, Próiseáil Focal. .

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram pobail. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht freisin le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais agus ar Altranas trí chlár iontrála na mac léinn aibí..

Láthair:
Coláiste Earagail, Leitir Ceanainn, Teil: 074 9121047;
Coláiste Mhagh Ene, Bun Dobhráin, Teil: 0719841244;
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga,
Teil: 074 9731491.

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas i dTacaíocht Chúram Sláinte

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha dóibh siúd atá ag breathnú ar ghairm i dtacaíocht chúram sláinte, ag soláthar na feasachta agus na n-inniúlachtaí le haghaidh dlúth-bhonn san earnáil chúraim. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair

Ábhar:
Réamhrá Altranais, Anatamaíocht agus Fiseolaíocht, Fás agus Forbairt Daonna, Sábháilteacht agus Sláinte san Obair, Tacaíocht Chúraim, Scileanna Cúraim, Taithí Oibre agus Cumarsáid..

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram pobail. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht freisin le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais agus ar Altranas trí chlár iontrála na mac léinn aibí.

Láthair:
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga,
Teil: 074 9731491.

### FETAC Leibhéal 6 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Chúram agus san Oideachas Luathóige

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, atá deartha chun mic léinn a ullmhú le haghaidh fostaíochta mar mhaoirseoir i dtimpeallacht chúram leanaí agus/nó le haghaidh staidéir bhreise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Forbairt an Linbh, an Luathóige, Saincheisteanna Sóisialta agus Dlíthiúla i gCúram Leanaí, Maoirseacht i gCúram Leanaí. Tá dhá theastas comhpháirte reatha ar Leibhéal 5 ag teastáil chun na pointí a chomhlíonadh atá de dhíth le haghaidh creidiúnaithe ar Leibhéal 6.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram leanaí. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht freisin le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán an Nascscéime Ardoideachais..

Láthair:
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga,
Teil: 074 9731491.

## *Cúrsaí Páirtaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Staidéar Altranais

Cur Síos:
Cúrsa BTEI dhá bhliain ar fhad, deartha le haghaidh fostaíochta san earnáil chúram sláinte agus/nó staidéar breise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Anatamaíocht & Fiseolaíocht, Fás & Forbairt Daonna, Teoiric & Cleachtas Altranais, Cumarsáid, Taithí Oibre, Cúram an Duine Scothaosta, Staidéar Míchumais Intleachtúil, Cleachtas agus Soláthar Cúraim

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram pobail. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht freisin le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais agus ar Altranas trí chlár iontrála na mac léinn aibí.

Láthair:
Baile Dhún na nGall, Teil: 074 9725520,
Leitir Ceanainn, Teil: 074 9161581.

# *Cúrsaí Páirtaimseartha*

## FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Chúram agus san Oideachas Luathóige

Cur Síos:
Cúrsa BTEI dhá bhliain ar fhad, deartha chun ullmhú le haghaidh fostaíochta mar chleachtóir cúram leanaí i dtimpeallacht cúram leanaí agus/nó le haghaidh staidéir bhreise. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Forbairt an Linbh, Sláinte agus Folláine an Linbh, Taithí Oibre, Cumarsáid, Cleachtas Oideachais agus Cúraim Luathóige, Oideachas agus Súgradh Luathóige, Leanaí le Riachtanais Bhreise, Comhionannas agus Éagsúlacht i gCúram Leanaí. .

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí cúram leanaí. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais agus trí chlár iontrála CAO na mac léinn aibí.

Láthair:
Baile na nGallóglach, Teil: 074 9153194;
Gort a' Choirce Teil: 074 9135218;
Baile Dhún na nGall, Teil: 074 9725520;
Leitir Mhic an Bhaird, Teil: 074 9725520.

## FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas san Obair don Aos Óg

Cur Síos:
Cúrsa BTEI 15 mhí ar fhad, deartha chun tú a ullmhú le haghaidh fostaíochta san earnáil oibre don aos óg agus/nó le haghaidh staidéir bhreise. Tá fócas praiticiúil ag an gcúrsa seo. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Obair don Aos Óg a Thuiscint, Daoine Óga & an tSochaí, ag Obair le Daoine Óga, Cumarsáid, Taithí Oibre, Garchabhair Ghairme, Scileanna Tacaíochta Tar Éis Scoile, Oideachas Piara, Scileanna um Theicneolaíocht na Faisnéise, Láimhsiú.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht in éagsúlacht timpeallachtaí oibre don aos óg. Is féidir le mic léinn dul san iomaíocht le haghaidh áiteanna ar chláir ábhartha 3ú leibhéal in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna trí mheán na Nascscéime Ardoideachais agus trí chlár iontrála CAO na mac léinn aibí.

Láthair:
Ráth Bhoth, Teil: 074 9725520.



# GAIRNEOIREACHT AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE



## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Ghairneoireacht

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar an tuiscint agus na hinniúlachta atá de dhíth le haghaidh fostaíochta agus breisoideachais san Earnáil Ghairneoireachta. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Plandeolaíocht, Ithireolaíocht agus Meáin Fáis, Aithint agus Úsáid Phlandaí, Éifeachtúlacht Phearsanta sa Láthair Oibre, Bia-Bharra/Prionsabail Táirgthe Orgánacha, Sábháilteacht agus Sláinte san Obair, Cumarsáid, Taithí Oibre.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Obair ar leibhéal iontrála san earnáil ghairneoireachta agus/nó dul chun cinn go cúrsaí Tríú Leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachais nó staidéar breise i dTuaisceart Éireann.

Láthair:
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga, Teil: 07497 31491.

## *Cúrsaí Páirtaimseartha*

### FETAC Leibhéal 4 (Mion-Dámhachtain nó Mór-Dhámhachtain) sa Ghairneoireacht

Cur Síos:
Cúrsa BTEI 15 mhí ar fhad, deartha chun dlúth-bhonn a sholáthar i dteoiric agus i gcleachtas gairneoireachta. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Cleachtas Gairneoireachta Sábháilte, Cumarsáid, Obair Bhuíne, Eolaíocht Ghairneoireachta, Ag Fás Glasraí, Taithí Oibre, Ag Fás Torthaí, Cothabháil, Cúram & Aithint Plandaí, Iomadú Plandaí

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Dul chun cinn go cúrsaí Leibhéal 5 ábhartha nó fostaíocht..

Láthairs:
Gaoth Dobhair, Árainn Mhór agus Leitir Ceanainn, Teil: 074 9725520.

# EOLAÍOCHT, INNEALTÓIREACHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Cúram Ainmhí

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar an tuiscint agus na scileanna atá de dhíth le haghaidh fostaíochta mar Chúntóir Tréidliachta san earnáil chúram ainmhí. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Anatamaíocht agus Fiseolaíocht an Ainmhí, Bitheolaíocht, Leas an Ainmhí, Sábháilteacht agus Sláinte san Obair, Grúmaeireacht Ainmhithe, Modhanna Bunachair Sonraí, Taithí Oibre, Próiseáil Focal, Cumarsáid.



Na Chéad Chéimeanna Eile:
Obair ar leibhéal iontrála san earnáil chúram ainmhí agus/nó iarratas ar staidéar tríú leibhéal trí mheán na Nascscéime Ardoideachas i bPoblacht na hÉireann nó staidéar breise i dTuaisceart Éireann.

Láthair:
Coláiste Magh Ene, Bun Dobhráin, Teil: 071 9841244

# SPÓRT, FÓILLÍOCHT AGUS ÁINEAS

## *Cúrsaí Lánaimseartha*

### FETAC Leibhéal 5 (Mór-Dhámhachtain) Teastas sa Spórt agus Áineas

Cur Síos:
Dianchúrsa IAT aon bhliain ar fhad, deartha chun forbairt a dhéanamh ar an tuiscint agus na scileanna atá de dhíth le haghaidh fostaíochta agus breisoideachais san earnáil spóirt agus áineasa. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Staidéar Spóirt agus Áineasa, Cóitseáil Sacair, Aclaíocht agus Corpacmhainn, Cóitseáil Cispheile, Cumarsáid, Taithí Oibre agus Próiseáil Focal.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Obair ar leibhéal iontrála san earnáil sláinte agus corpacmhainne. Féadfaidh céimithe dul ar aghaidh go staidéar tríú leibhéal freisin trí mheán na Nascscéime Ardoideachais nó staidéar breise i dTuaisceart Éireann.

Láthair:
Coláiste Earagail, Leitir Ceanainn. Teil: 074 9121047.

## *Cúrsaí Páirtaimseartha*

### Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin

Cur Síos:
Tá Oideachas Allamuigh bunaithe ar choincheap na foghlama ó thaithí, ag soláthar taithí dhíreach ar dhúshlán agus riosca i dtimpeallacht thacaithe, mar bhonn leis an bhfoghlaim iarbhír. Tosaíonn cúrsaí ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana..

Ábhar:
Gearrchúrsaí i gCadhcáil, Clársheoltóireacht, Cadhcáil Mhara, Cnocadóireacht, Rianadóireacht, Ailleadóireacht, Seoltóireacht. Cúrsaí oiliúna ceannaire/ treorach. Scileanna Sléibhe, Ceannaire Grúpa Siúil, Ceannaireacht Sléibhe, Teagascóir Cadhcála, Gradaim Sárscileanna Cadhcála, Garchabhair, Gradaim Scileanna Clársheoltóireachta, Cúram Tarrthála Éigeandála, Garda Tarrthála Trá.

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Beidh siad siúd atá ag glacadh páirte i gcúrsaí ceannaireachta nó gradaim scileanna incháilithe dul chun cinn go cúrsaí oiliúna do theagascóirí allamuigh.

Láthair:
Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin, Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Teil: 074 9137032.

### FETAC Leibhéal 3 (Mór-Dhámhachtain) Cultúr, Feasacht Oidhreachta agus Turasóireacht

Cur Síos:
Soláthróidh an cúrsa páirtaimseartha Foghlaim chun Maireachtála seo an deis duit forbairt a dhéanamh ar do chuid bunscileanna scríbhneoireachta agus cumarsáide béil, cumas matamaitice agus scileanna ríomhaireachta trí bhéim a leagan ar Chultúr agus Turasóireacht. Tosaíonn an cúrsa ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Ábhar:
Turasóireacht, Cultúr Áitiúil agus Idirnáisiúnta, Rannpháirtíocht mar Thurasóir, Aithne ar Mo Phobal, Taiscéaladh na hOibre san Earnáil Turasóireachta

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Dul chun cinn go cúrsaí FETAC Leibhéal 4 nó Leibhéal 5 fiú nuair is cuí..

Láthair:
Ar fud na tíre – i rith an lae nó um thráthnóna.
Téigh i mbun teagmhála le Foghlaim chun Maireachtála, Teil: 074 9721705.

---

### FETAC Leibhéal 4 (Mór-Dhámhachtain) Oifig Thosaigh Óstáin

Cur Síos:
Cúrsa BTEI 15 mhí ar fhad, atá deartha chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus na hinniúlachta atá de dhíth le haghaidh fostaíochta agus breisoideachais san earnáil fáilteachais. Cúrsa ag tosú i mí Mheán Fómhair.

Ábhar:
Oibríochtaí um Oifig Thosaigh Óstáin, Forbairt Phearsanta & Idirphearsanta, Seirbhís Chustaiméara, Prionsabail & Cleachtas Turasóireachta, Scileanna Oifige Ginearálta, Scileanna Fáiltithe

Na Chéad Chéimeanna Eile:
Fostaíocht san earnáil fáilteachais. Féadfaidh mic léinn dul chun cinn freisin chuig cláir na hardteistiméireachta, cláir bhreisoideachais i dTuaisceart Éireann agus cláir rochtana tríú leibhéal..

Láthair:
Toraigh agus Bun Dobhráin. Téigh i mbun teagmhála leis an Oifig BTEI, Teil: 074 9725520.





Co Donegal VEC
Administrative Offices
Ard O'Donnell
Letterkenny
Co. Donegal

Tel: 074 9161600
Fax: 074 9122439
Email: info@donegalvec.ie

Donegal Adult Learner Guidance Service
2nd Floor, McKendrick Place
Pearse Road
Letterkenny
Co. Donegal

Tel: 074 9178088
Fax: 074 9178089
Email: adultguidance@donegalvec.ie